Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ról Maoirseachta an Cheannaire Scoile…Roinnt Moltaí

---

***'Mar cheannaire foghlama na scoile, cothaíonn an príomhoide, cé nach gá dó/di a bheith páirteach i bpróiseas* Droichead, *cultúr foghlama inar féidir le Droichead bláthú, agus tacaíonn sé/sí leis an FTG chun próiseas ionduchtaithe ar ardchaighdeán a éascú'*** *(An Chomhairle Mhúinteoireachta 2017, lch 7)*

- Rinne ceannairí scoile a ghlac páirt i ***Lá Ról Maoirseachta an Phríomhoide*** na moltaí seo a leanas.
- Ghlac ceannairí scoile páirt i machnamh comhoibríoch maidir le 'cultúr foghlama a chothú inar féidir le *Droichead* bláthú' agus thairg siad moltaí maidir le tacú leis an FTG chun próiseas ionduchtaithe ardchaighdeáin a éascú.
- Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil roinnt eagarthóireachta éadroma déanta againn chun an t-ábhar a dhéanamh níos soiléire.

| Aiseolas ó mhachnamh i bpáirt ar 'chultúr foghlama inar féidir le Droichead bláthú a chothú' |
|---|
| • **Forbairt a dhéanamh ar chultúr na scoile trína dtacaítear le foghlaim an uile dhuine - daltaí, foireann agus ceannaire scoile**<br>• Comhthoil/tacaíocht ó na múinteoirí<br>• Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Foirne - smaointe ón bhfoireann<br>• Réamheolas agus tuiscint ar a bhfuil i gceist<br>• Infheistíocht (foirne)<br>• Am<br>• Riachtanais agus buntáistí a athdhearbhú<br>• Oibríonn na múinteoirí le chéile / comhoibriú foirne<br>• Athbhreithniú rialta<br>• Ceannaire de dhíth<br>• Bheith dearfach i leith Droichead – cultúr dearfach a chruthú |


CC BY NC

<table>
<tr><th colspan="3">Ról Maoirseachta an Cheannaire Scoile ag Céimeanna Éagsúla den Phróiseas Droichead<br>Roinnt Moltaí...</th></tr>
<tr><th>Roimh...</th><th>Le linn...</th><th>Tar éis...</th></tr>
<tr>
<td><ul>
<li>Freastal ar an Seisiún Eolais do Cheannairí Scoile</li>
<li>Beartas Droichead a léamh</li>
<li>Ainmnigh baill oiriúnacha don FTG:
<ul><li>lánchláraithe</li><li>saineolas/inniúlachtaí éagsúla</li><li>inchreidteacht</li></ul></li>
<li>An FTG a bhunú</li>
<li>Clárú leis an Rannán Ionduchtúcháin Droichead chun oiliúint a sholáthar don FTG</li>
<li>Úinéireacht a thabhairt don FTG (ceannaireacht dháilte)</li>
<li>An FTG a éascú chun freastal ar oiliúint– múinteoirí ionaid a shocrú</li>
<li>Ticeáil an bosca ar an bhfógra ar líne le taispeáint gur scoil Droichead sibh</li>
<li>Céim an agallaimh – a chur in iúl gur scoil Droichead sibh</li>
<li>Smaoinigh ar leithdháiltí ranga – ionas go mbeidh tacaíocht ag MNCanna ó mhúinteoirí eile timpeall orthu</li>
<li>Lóistíocht / tacaíocht – déan cinnte go bhfuil an MNC suite in áit inar féidir le FTG tacaíocht a sholáthar go héasca</li>
<li>Beartas Cosanta Sonraí, Beartas um Chosaint Leanaí agus príomhbheartais eile na scoile a roinnt leis an FTG chun tacú leo ina gcuid oibre leis an MNC.</li>
</ul></td>
<td><ul>
<li>Labhairt leis an bhfoireann faoi Droichead, feasacht agus tuiscint ar Droichead a chothú ag leibhéal na scoile uile</li>
<li>Cur ar chumas FTG agus MNC gníomhaíochtaí ionduchtaithe a dhéanamh</li>
<li>Múinteoirí ionaid – clúdach a shocrú do ghníomhaíochtaí ionduchtaithe</li>
<li>Clúdach a shocrú do ranganna do bhreathnóireachtaí</li>
<li>D’fhéadfadh an príomhoide féachaint ar uaireanta Pháirc an Chrócaigh a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí ionduchtaithe</li>
<li>Tabhair an t-am don FTG ag cruinnithe foirne an scéala is déanaí a thabhairt don fhoireann</li>
<li>Gníomhú mar éisteoir don FTG</li>
<li>Freastal ar chuid de chruinnithe an FTG. Moltar freastal ar an gcéad chruinniú - an meon a leagan síos - rud a léiríonn an luach a chuireann an príomhoide ar Droichead</li>
<li>Baill oilte an FTG amháin a dhéanann breathnóireachtaí Droichead</li>
<li>Taobh amuigh de phróiseas Droichead, d’fhéadfadh breathnóireacht an phríomhoide ar theagasc agus ar fhoghlaim i seomraí ranga a bheith mar chuid de chultúr agus de chleachtas na scoile.</li>
<li>An FTG a dhearbhú -- an luach a chuirtear ar an obair a dhéanann siad agus na buntáistí ginearálta don MNC agus don scoil uile</li>
<li>Cóip de Sracphlean Droichead a iarraidh (fráma ama táscach an phróisis)</li>
</ul></td>
<td><ul>
<li>Éachtaí agus rathúlacht an MNC, obair FTG agus na foirne ar fad a cheiliúradh agus a dhearbhú.</li>
<li>Déan athbhreithniú agus machnamh ar an bpróiseas – aon athruithe don bhliain seo chugainn?</li>
<li>Taifid a choinneáil ar an bpróiseas:
<ul><li>a choimeádfar go slán go ceann bliana amháin ar a laghad</li><li>beidh siad faoi réir bheartas cosanta sonraí do scoile féin</li><li>tacaíonn sé le próiseas dearbhaithe cáilíochta (Dearbhú Cáilíochta Droichead)</li></ul></li>
</ul></td>
</tr>
</table>



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers